I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

RÚIN

COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

AN 574Ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CHOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA HEORPA, 2022. 12. 14. – 2022. 12. 15.

Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa "Oidhreacht bhuanseasmhach Bhliain Eorpach na hÓige: príomhshruthú agus cumhachtú na hóige"

(2023/C 100/01)

arna mholadh ag Cathaoirleach Rannóg SOC, **Laurenţiu PLOSCEANU**, arna iarraidh sin ag an nGrúpa Comhordúcháin do Bhliain Eorpach na hÓige (Katrīna LEITĀNE (Cathaoirleach), Neža REPANŠEK, Michael McLOUGHLIN, Nicoletta MERLO, Mateusz Maciej SZYMANSKI, Florian MARIN, Pierre BOLLON, Dolores SAMMUT BONNICI agus Davor MAJETIC)

Bunús dlí	Riail 50 de na Rialacha Nós Imeachta
	Rún
Dáta a ghlactha sa seisiún iomlánach	15.12.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	574
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	150/0/1

In ainneoin na n-éiginnteachtaí a thionscain an cogadh san Úcráin, paindéim COVID-19 agus géarchéim na haeráide, is iad an t-aos óg a thiomáineann an tionscadal Eorpach chun cinn, mar a thiomáin riamh, agus is ar a gcruthaitheacht, a bhfuinneamh agus a ndíograis siúd atá inbhuanaitheacht an tionscadail sin ag brath. Is iad na cinntí a dhéantar inniu a chuireann cruth ar shaol an lae amárach, agus, dá bhrí sin, is mór is tábhachtach a áirithiú go mbeidh cead cainte ag an aos óg i dtaca leis na cinntí a dhéanfaidh difear dá dtodhchaí. Is amhlaidh atá ós rud é go bhféadfadh beartais indíreacha fiú rian nach beag a fhágáil ar dhaoine óga agus ar na glúine nár tháinig ar an saol go fóill, agus go bhféadfaidís a bheith tábhachtach dóibh.

I mí na Nollag 2021, d'ainmnigh Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, 2022 mar Bhliain Eorpach na hÓige toisc "**na daoine óga … ar fad [a bheith] ag teastáil uainn san Eoraip**" agus "an tAontas seo atá againn, ba cheart anam agus fís a bheith ag gabháil leis, anam agus fís a mbeidh mealladh na hóige iontu" ([1]). Ina theannta sin, mar a dúirt an Coimisinéir Mariya Gabriel: **"ba cheart do Bhliain Eorpach na hÓige athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a n-áirímid an t-aos óg sa phróiseas ceaptha beartas agus cinnteoireachta"** ([2]).

([1]) https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/speech_21_4701
([2]) https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_21_5226

Sa tuairim ([3]) ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) *Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh do 2019-2027*, is éard atá CESE a iarraidh go ndíreofaí ar an gcur chuige trasearnála, agus dearcadh iomlánaíoch a ghlacadh i leith an aosa óig agus i leith a riachtanas agus a gceart siúd agus tá sé á chur chun suntais ag CESE gur beag dá amhras air gur cheart **rannpháirtíocht an aosa óig i bpróisis chinnteoireachta a chur chun cinn i gcoitinne** seachas in imeachtaí aonuaire amháin. Ar a mhuin sin, agus tuilleadh forbartha á déanamh ar an Idirphlé Óige, ní mór ról na n-eagraíochtaí deonacha don óige agus na gComhairlí Náisiúnta don Óige a fheabhsú agus dul ar iontaoibh bealaí breise. Ba cheart d'institiúidí an Aontais a bheith ar thús cadhnaíochta ina leith sin, agus CESE ar thús cadhnaíochta maidir le rannpháirtíocht na hóige ar leibhéal an Aontais a fheabhsú.

Le roinnt blianta anuas, **tá CESE ag féachaint le guth na ndaoine óga a chur san áireamh ar bhealach níos fearr ina chuid oibre agus i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh ar shlí struchtúrtha fhiúntach** trí ghnéithe éagsúla, cuir i gcás an aeráid agus an inbhuanaitheacht ([4]), a chumhdach trí Chruinnithe Comhchéime na hÓige um an Aeráid agus an Inbhuanaitheacht a bhunú agus trí thoscaire óige a áireamh i dtoscaireacht oifigiúil an Aontais chuig cruinnithe COP UNFCCC agus i dtoscaireacht CESE chomh maith; trí bhéim a leagan ar ról an oideachais san fhorbairt inbhuanaithe ([5]); trí staid agus forálacha na fostaíochta agus mhargadh an tsaothair a mhionsonrú ([6]); tríd an óige a chuimsiú i bhforbairt na bPleananna Náisiúnta Téarnaimh ([7]) inar iarradh go mbeadh eagraíochtaí don óige rannpháirteach ar bhealach níos fearr i gcéimeanna cur chun feidhme agus faireacháin na bpleananna agus sna próisis chinnteoireachta; trí bheartas na hóige sna Balcáin Thiar ([8]), áit ar cheart don Aontas, dar le CESE, tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Balcáin Thiar chun rannpháirtíocht na hóige a fheabhsú; trí dhearcadh na hóige a phríomhshruthú i ngach réimse beartais ar leibhéal an Aontais trí Mheasúnú Tionchair an Aontais Eorpaigh ó thaobh na hóige de a thabhairt isteach ([9]), lena n-áirítear moltaí agus tograí nithiúla freisin, agus trí mholadh a dhéanamh feabhas a chur ar rannpháirtíocht inmheánach na ndaoine óga agus na n-eagraíochtaí don óige in obair CESE.

Ina theannta sin, **léirigh CESE a shásta** ([10]) **a bhí sé leis an moladh go n-ainmneofaí 2022 mar Bhliain Eorpach na hÓige** trína chur in iúl go bhfuil CESE réidh le ról ceannasach a bheith aige i dtaca leis an mBliain, ag tógáil dó ar thionscnaimh rathúla de chuid CESE cuir i gcás "Leatsa an Eoraip, Abair leat!", Cruinnithe Comhchéime na hÓige um an Aeráid agus an Inbhuanaitheacht agus rannpháirtíocht Toscaire Óige CESE i gclár COP. Tá seasamh uathúil ag CESE maidir le caidreamh le líonraí don aos óg a éascú. Dá réir sin, bhunaigh CESE **Grúpa Comhordúcháin do Bhliain Eorpach na hÓige** ("an Grúpa Comhordúcháin" feasta) chun ionadaíocht agus infheictheacht an tionscnaimh sin a áirithiú laistigh de CESE agus chun comhordú a dhéanamh ar na tionscnaimh leanúnacha a bhaineann leis an óige. Tugadh sainordú don Ghrúpa Comhordúcháin chun an comhar le heagraíochtaí don óige agus an t-aos óg a neartú le linn na Bliana agus ina dhiaidh sin agus chun oibriú i gcomhar le hinstitiúidí eile an Aontais agus le heagraíochtaí eile na sochaí sibhialta, rud a d'áiritheodh gur fearr a dhéanfaí daoine óga a chur san áireamh ar bhonn leathan ina ngníomhaíochtaí laethúla.

Sa dréachtrún a d'ullmhaigh an Grúpa Comhordúcháin, iarrtar ar institiúidí an Aontais agus ar na rialtais náisiúnta oidhreacht bhuanseasmhach Bhliain Eorpach na hÓige a áirithiú trí rannpháirtíocht struchtúrtha fhiúntach an aosa óig i gceapadh beartas agus sa chinnteoireacht a chur chun cinn ar gach leibhéal agus trí shásraí rannpháirtíochta don aos óg agus d'eagraíochtaí don óige a chur chun cinn. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn CESE go bhfuil sé tiomanta rannpháirtíocht na hóige a neartú a fhad a bhaineann lena chuid oibre féin agus príomhshruthú na hóige a chur chun cinn ar gach leibhéal ar mhaithe le hEoraip níos aontaithe agus níos láidre a chothú.

Ní féidir linn i gcónaí an todhchaí a mhúnlú don óige, ach is féidir linn an óige a mhúnlú don todhchaí. – Franklin D. Roosevelt

---

([3]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — "Communication from the Commission to the European Parliament, the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Engaging, Connecting and Empowering young people: a new EU Youth Strategy" [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Rannpháirtíocht, Nascadh agus Cumhachtú daoine óga: Straitéis Óige nua an Aontais Eorpaigh] (COM(2018) 269 final) (IO C 62, 15.2.2019, lch. 142) (IO C 62, 15.2.2019, lch. 142).

([4]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — I dtreo rannpháirtíocht struchtúrtha na hóige maidir leis an aeráid agus leis an inbhuanaitheacht i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh (tuairim féintionscnaimh) (IO C 429, 11.12.2020, lch. 44).

([5]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — *An óige a chumhachtú chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach tríd an oideachas* (tuairim féintionscnaimh) (IO C 100, 16.3.2023, lch. 38).

([6]) Tuarascáil faisnéise ó CESE *An chóir chomhionann do dhaoine óga i margadh an tsaothair* (atá ar siúl faoi láthair).

([7]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Conas obair chuibhiúil a chinntiú do dhaoine óga agus a áirithiú go gcuirfear daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) san áireamh trí na Pleananna Téarnaimh Náisiúnta a mhionsaothrú mar is ceart (tuairim féintionscnaimh) (IO C 152, 6.4.2022, lch. 27).

([8]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An beartas um an óige sna Balcáin Thiar, mar chuid den Chlár Oibre um Nuálaíocht do na Balcáin Thiar (tuairim féintionscnaimh) (IO C 443, 22.11.2022, lch. 44).

([9]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — *Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de* (tuairim féintionscnaimh) (IO C 486, 21.12.2022, lch. 46).

([10]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 (COM(2021) 634 final – 2021/0328(COD)) (IO C 152, 6.4.2022, lch. 122).

1. **Oidhreacht bhuanseasmhach Bhliain Eorpach na hÓige in CESE**

1.1. Creideann CESE nach mór do na geallsealbhóirí uile obair leantach a dhéanamh ar phléití an Ghrúpa Comhordúcháin agus nach mór dóibh aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach oscailte. Is mór is tábhachtach go mbeidh oidhreacht nithiúil ann de dhroim na Bliana agus go leanfar leis an obair leantach i mBliain na Scileanna agus as a haithle sin. Ina theannta sin, déantar foráil i Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh agus sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa maidir le céimeanna tábhachtacha a thabhairt a chinnteoidh gur fiúntaí agus gur struchtúrtha a bheidh rannpháirtíocht an aosa óig agus todhchaí na hEorpa á tógáil.

1.2. Creideann CESE go bhfuil tábhacht thar na bearta le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus go háirithe le heagraíochtaí don óige, chun ionstraimí rannpháirtíochta nuálacha a shainaithint lenar féidir dearcthaí na hóige a phríomhshruthú i gceapadh beartas ar gach leibhéal agus i ngach réimse beartais agus tá sé ag leagan béim ar ról eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le saoránacht ghníomhach a neartú agus le cearta bunúsacha an duine agus luachanna daonlathacha a chosaint don aos óg.

1.3. Is oth le CESE go bhfuil cúngaithe ar an spás sibhialta d'eagraíochtaí don óige ([11]) agus is mian leis béim a leagan ar ábharthacht dhaonlathach an spáis sin. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí bearta i bhfeidhm chun eagraíochtaí don óige a chumhachtú agus chun acmhainní inbhuanaithe a chur ar fáil dóibh a mhéadóidh a gcumas ionadaíocht a dhéanamh ar a gcearta agus a leasanna agus troid ar a son.

1.4. I gcuid de na tuairimí atá curtha amach aige ([12]), tá béim leagtha ag CESE ar na tionscnaimh rathúla a chuidigh le rannpháirtíocht struchtúrtha fhiúntach an aosa óig le blianta beaga anuas agus tá sé á chur in iúl aige a thiomanta atá sé tionscnaimh nua a fhorbairt d'fhonn rannpháirtíocht an aosa óig agus a ndearcthaí a chur chun cinn i gceapadh beartas.

1.5. Creideann CESE go bhfuil rannpháirtíocht ghníomhach na hóige i gcúrsaí ceaptha beartas agus cinnteoireachta ríthábhachtach chun todhchaí na hEorpa a fhorbairt agus chun fís a fhorbairt ar féidir le daoine óga ábharthacht a shamhlú léi. Dá bhrí sin, tá sé ag iarraidh ar institiúidí an Aontais Eorpaigh Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de a chur chun feidhme lena áirithiú go bhféachfar ar gach cineál ceaptha beartais ar leibhéal an Aontais trí lionsa na hóige.

1.6. Ag eascairt as na tograí a cuireadh i láthair sa tuairim maidir le Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí leasanna na hóige a phríomhshruthú i gcúrsaí ceaptha beartas ar gach leibhéal agus go ndéanfaí cur chuige coiteann a fhorbairt lenar féidir rannpháirtíocht struchtúrtha fhiúntach na hóige a chothú i dtaca le hinstitiúidí uile an Aontais. Ba cheart don chur chuige sin cur leis na colúin seo a leanas:

— tionscnaimh/tionscadail/imeachtaí a bhaineann leis an óige a chruthú i gcomhar le heagraíochtaí don óige a bheidh rannpháirteach iontu ón tús agus deimhin a dhéanamh de go mbeidh cead cainte acu ó chéim go chéile den phróiseas;

— freagracht i leith na dtionscnamh/na dtionscadal/na n-imeachtaí a roinnt le heagraíochtaí don óige, ról ceannasach a thabhairt dóibh agus a dtosaíochtaí agus a riachtanais a chur san áireamh;

— cur le cumas na n-eagraíochtaí don óige, na hacmhainní airgeadais agus na huirlisí leordhóthanacha is gá a thabhairt dóibh le gur féidir leo a bheith rannpháirteach;

— próisis leantacha struchtúrtha fhiúntacha a leagan síos, a mbeidh i bhfad níos mó i gceist leo seachas cruinnithe *ad hoc* agus glaonna ar chomhairliúcháin amháin.

([11]) SAFEGUARDING20CIVIC20SPACE20FOR20YOUNG20PEOPLE20IN20EUROPE202020_v4.02028129.pdf (youthforum.org).

([12]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Rannpháirtíocht, Nascadh agus Cumhachtú daoine óga: Straitéis Óige nua an Aontais Eorpaigh (COM(2018) 269 final) (IO C 62, 15.2.2019, lch. 142), Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — I dtreo rannpháirtíocht struchtúrtha na hóige maidir leis an aeráid agus leis an inbhuanaitheacht i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh (tuairim féintionscnaimh) (IO C 429, 11.12.2020, lch. 44), Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 (COM(2021) 634 final – 2021/0328(COD)) (IO C 152, 6.4.2022, lch. 122), Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de (tuairim féintionscnaimh) (IO C 486, 21.12.2022, lch. 46).

1.7. Tá CESE tiomanta buanghrúpa a bhunú laistigh de CESE ionas go mbeidh sásraí comhordúcháin trédhearcacha aige ó rannóg go chéile chun dearcthaí na hóige a phríomhshruthú in obair CESE agus chun tuilleadh scrúdaithe agus machnaimh a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfaí coincheap Mheasúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de a chur i bhfeidhm in obair an Choiste chun gur féidir cur chuige comhsheasmhach a fhorbairt maidir le rannpháirtíocht na hóige in CESE.

1.7.1. Ina theannta sin, tá CESE ag iarraidh go gcruthófaí struchtúr lena ndéanfaí ionadaíocht ar eagraíochtaí don óige in institiúidí uile an Aontais agus/nó a mbeadh baint acu leo, agus/nó ardán geallsealbhóirí, b'fhéidir, ar chuma Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh (ECESP) a bheadh faoi shainchúram CESE. Ina theannta sin, ós rud é gurb é Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh an próiseas rannpháirtíochta is substaintiúla san Eoraip a mbíonn lucht déanta cinntí agus an t-aos óg ag plé saincheisteanna ann agus ag teacht ar réitigh le chéile, d'fhéadfaí tuilleadh céimeanna a thabhairt chun an sásra rannpháirtíochta sin a neartú, mar shampla, chun an struchtúr comhbhainistíochta ([13]) a bheadh faoi stiúir CESE freisin a thabhairt isteach.

1.8. Tá CESE ag áiteamh go tréan go mbeadh an óige ní ba rannpháirtí sna próisis chinnteoireachta, cibé acu a bhaineann sin le tograí reachtacha agus tionscnaimh reachtacha a dhréachtú, a chur chun feidhme nó le faireachán agus obair leantach a dhéanamh orthu. Tá leas á bhaint ag toscaireacht an Aontais chuig cruinnithe COP UNFCC as an gcur chuige sin ó 2021 i leith, mar a bhfuil toscaire óg amháin ar a laghad ag an toscaireacht. Molann CESE go láidir do thoscaireachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh leas a bhaint as cur chuige den saghas céanna, agus an dearcadh idirghlúine a chur san áireamh freisin.

1.9. Chun ról CESE féin a neartú maidir leis an mbearna idir lucht ceaptha beartas agus eagraíochtaí don óige agus daoine óga ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon a dhúnadh, is éard atáthar a mholadh, ar an gcéad dul síos, sásra rannpháirtíochta trédhearcach struchtúrtha fiúntach don óige a bhunú chun obair reachtach a chomhordú go héifeachtach, mar shampla painéal óige. Ar an dara dul síos, táthar ag moladh caidreamh a chothú leis an aos óg agus le heagraíochtaí don óige agus iad a rannpháirtiú in obair CESE. De bhreis air sin, ba cheart a áirithiú go ndéanfar na dea-chleachtais a bhaineann le rannpháirtíocht na hóige ar gach leibhéal agus ar fud na mBallstát uile a chomhordú agus a mhalartú agus go ndéanfar gníomhaíochtaí for-rochtana níos spriocdhírithe a chur chun feidhme. Thar aon ní eile, ba cheart an caidreamh le heagraíochtaí náisiúnta don óige a neartú agus aird a dhíriú ar thionscadail áitiúla don óige laistigh de CESE agus i measc na gcomhaltaí.

1.10. Ina theannta sin, i bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil shuaite atá ann faoi láthair is mór is tábhachtach rannpháirtíocht na n-óg san inbhuanaitheacht, sa tslándáil agus i gcothú na síochána a áirithiú. Is díol sásaimh do CESE an Plean Gníomhaíochta don Óige i nGníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais a glacadh le déanaí agus tá sé i gceist aige tuairim féintionscnaimh a ghlacadh ina leith in 2023. Anuas air sin, tá CESE ag iarraidh ar an Aontas tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Balcáin Thiar chun cur le rannpháirtíocht na hóige, agus an comhghaol dearfach idir soghluaisteacht oideachais nó oiliúna agus rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil an aosa óig á chur san áireamh. Ba cheart an prionsabal céanna a chur san áireamh i dtaca leis an gcaidreamh leis an Úcráin agus leis an tSeoirsia. Tá CESE teann air gur cheart an comhar le tíortha is iarrthóirí a threisiú a fhad a bhaineann le beartais óige.

1.11. Féachfaidh CESE le guth an aosa óig a chur san áireamh ar bhonn córasach ina chuid tuairimí, lena n-áirítear ina chuid *tuairimí féintionscnaimh* agus *tústuairimí* arna nglacadh ar iarraidh ó na huachtaránachtaí rothlacha nó ó institiúidí Eorpacha eile. A bhuí leis an sárchaidreamh atá aige leo, déanfaidh CESE a dhícheall a chur ina luí orthu gur cheart gnéithe a bhaineann leis an aos óg a chumhdach sna hiarrataí sin.

2. **An fócas do na blianta atá le teacht: todhchaí níos fearr a chruthú i dteannta a chéile, ar todhchaí níos glaise, níos cuimsithí agus níos digití a bheidh ann.**

2.1. Tá CESE ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé eolas agus leibhéil faisnéise an aosa óig faoi na hinstitiúidí Eorpacha, na sásraí feidhmiúcháin, na réimsí gníomhaíochta, samplaí nithiúla ó ghníomhaíochtaí laethúla agus deiseanna forbartha pearsanta agus gairmiúla i measc na hóige a mhéadú. Ba cheart cur le líon na gclár Eorpach um malartú taithí agus oiliúint (Erasmus+, Discover EU, etc.) go háitiúil agus go seachtrach agus le cláir atá faoi chómhaoirsiú le hinstitiúidí oideachais eile sa tír agus thar lear. Spreagfaidh CESE a gcuid comhaltaí chun tionscnaimh áitiúla a reáchtáil a bheidh dírithe ar an óige.

([13]) Córas comhbhainistíochta Chomhairle na hEorpa.

2.2. Tá sé á chur in iúl ag CESE gur gá creat a chruthú agus a ráthú don uile dhuine óg chun páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta trí institiúidí a thógáil atá níos oscailte don aos óg agus toilteanach oibriú leo. Tá sé thar a bheith tábhachtach a chur ar a gcumas do dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach agus imeallaithe páirt a ghlacadh sna próisis chinnteoireachta. Ba cheart é a bheith mar thosaíocht daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin pholaitiúla. Ina theannta sin, cuireann rannpháirtíocht an aosa óig leis an gcruthaitheacht agus leis an nuálaíocht, agus ní mór éisteacht a thabhairt do dhaoine óga agus ba cheart a rannpháirtíocht sa tsochaí agus sa phobal a spreagadh ó aois óg.

2.3. Molann CESE cláir "dara seans" agus cláir litearthachta a chur chun feidhme do luathfhágálaithe scoile agus bearta a dhéanamh chun ráta luathfhágála na scoile a laghdú trí threoir, tacaíocht agus cláir chosanta sóisialta a áirithiú a bheidh dírithe ar dhaoine óga ó cheantair thuaithe nó ó theaghlaigh bhochta chun rochtain ar sheirbhísí oideachais a éascú.

2.4. Is den riachtanas oideachas agus oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach a bheith ar fáil lena áirithiú go mbeidh an t-eolas, na scileanna, na hinniúlachtaí agus an meon is gá ag cách chun sochaí níos córa, níos comhtháite, níos inbhuanaithe, níos digití agus níos athléimní a chruthú san Eoraip. Ní mór na scileanna a bheith ag daoine óga a chuirfidh ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus déileáil, mar is ceart, le hathruithe i margadh an tsaothair ([14]), agus béim á leagan go háirithe ar na daoine is leochailí. Is mór an tábhacht atá le hoibrithe oilte má táthar chun iomaíochas na hEorpa a áirithiú, rud a aithnítear freisin sa togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Bhliain Eorpach na Scileanna 2023 ([15]), agus chun dálaí maithe oibre, intuarthacht gairme agus rochtain ar dheiseanna a áirithiú. Ba cheart rannpháirtíocht in institiúidí oideachais a chur chun cinn. Ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a fhad a bhaineann leis an óige. Is gá freisin dul chun cinn a dhéanamh san athchóiriú oideachais, aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseálacha scileanna agus díriú ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, ar athsciliú agus ar uas-sciliú ([16]).

2.5. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí rochtain ar an gcóras oideachais a éascú do dhaoine óga ó cheantair thuaithe trína áirithiú gur ann don bhonneagar ábhartha agus digiteach is gá le haghaidh próiseas oideachais ar ardchaighdeán, go háirithe i réimse na forbartha inbhuanaithe agus chosaint an chomhshaoil.

2.6. Is éard atá CESE a mholadh, i gcomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, go ndéanfadh na Ballstáit, mar ábhar tosaíochta, rochtain spriocdhírithe ar scoileanna a chruthú do dhaoine a bhfuil galair neamhchoitianta orthu nó do dhaoine nach bhfuil in ann freastal ar scoil ar chúiseanna leighis agus an bonneagar is gá a ráthú chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí oideachais a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas ionas nach bhfágfar aon duine ar lár.

2.7. Is toisc mhórthábhachtach é an t-oideachas nach féidir na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) eile go léir a bhaint amach dá uireasa. Dá bhrí sin, tá CESE ag tacú le hobair an Choimisiúin Eorpaigh chun an fhoghlaim ar mhaithe leis an aistriú glas agus an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus tá sé ag iarraidh ar na Ballstáit an t-oideachas a chur chun feidhme agus a athrú ó bhonn ina dtíortha féin, dá réir sin ([17]).

2.8. Is éard atá CESE a mholadh gur cheart seisiúin faisnéise agus comhairliúcháin nó curaclaim oideachais a cheapadh, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta, a bhfuil sé d'aidhm acu míniú a thabhairt ar na gnéithe bunaidh atá de dhlúth agus d'inneach mhargadh an tsaothair, mar atá coincheapa ar chuma fostóirí, conradh fostaíochta, etc. Ba cheart dóthain acmhainní a leithdháileadh ina chomhair sin, go háirithe ar dhaoine óga leochaileacha agus orthu siúd a bhfuil cineálacha neamhthipiciúla fostaíochta ar siúl acu. Ina cheann sin, is gá an fhaisnéis chéanna a chur ar fáil d'imircigh óga ar theacht isteach i dtír anaithnid dóibh, ionas gur tapúla is féidir iad a chomhtháthú sa tsochaí nua, i gcórais oideachais agus oibre na tíre sin agus ina cultúr. Ar bhonn domhanda, ba cheart breis acmhainní a chur ar fáil do dhaoine óga a chuideoidh leo eolas a chur ar thopaicí ar nós an oideachais airgeadais agus, rud is tábhachtaí fós, a chuideoidh leo eolas fuaimintiúil a chur ar a gcearta mar shaoránaigh agus mar oibrithe. Tá tábhacht leis na nithe seo go léir chun cabhrú le daoine óga iad féin a ullmhú don saol mar dhaoine fásta amach anseo.

2.9. Tá sé curtha in iúl ag CESE cheana féin gur féidir leis an bhfiontraíocht ról ríthábhachtach a bheith aici maidir le feabhas a chur ar an iomaíochas, ar an nuálaíocht agus ar an dea-bhail agus maidir le geilleagar sóisialta agus glas a fhorbairt, go mór mór i gcomhthéacs an téarnaimh tar éis na paindéime. D'fhéadfaí conairí gairme a chruthú, go háirithe i measc daoine óga, ach an t-oideachas fiontraíochta a spreagadh d'fhonn scileanna fiontraíochta a fhorbairt ([18]).

([14]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — *An chaoi chun na scileanna atá de dhíth ar an Eoraip a chur chun cinn, bunaithe ar an oideachas agus ar an oiliúint i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil, ar mhaithe le sochaí níos córa, níos comhtháite, níos inbhuanaithe, níos digití agus níos athléimní a bhunú*, (Tústuairim ar iarratas ó Uachtaránacht na Portaingéile) (IO C 286, 16.7.2021, lch. 27), pointí 1.2 agus 2.3.

([15]) Tús á chur ag an gCoimisiún leis an obair ar Bhliain Eorpach na Scileanna (europa.eu).

([16]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — *An chóir chomhionann do dhaoine óga i margadh an tsaothair* (atá ar siúl faoi láthair).

([17]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — *An óige a chumhachtú chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach tríd an oideachas* (IO C 100, 16.3.2023, lch. 38).

([18]) Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Ionchur Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i gClár Oibre an Choimisiúin don bhliain 2023 (IO C 443, 22.11.2022, lch. 1), pointe 4.14.

2.10. Is éard atá CESE a mholadh go n-aimseofaí réitigh iomchuí ar an leibhéal náisiúnta chun rialú praghsanna cíosa a áirithiú d'fhonn an tsoghluaisteacht a éascú chun críocha oideachais nó gairme agus clár tógála tithíochta sóisialta a chur chun feidhme ar mhaithe le daoine óga, go háirithe i gcathracha móra agus in ionaid forbartha eacnamaíche.

2.11. Tá CESE ag iarraidh go gcinnteofaí rochtain níos fearr do dhaoine óga ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán, go háirithe do dhaoine óga ó cheantair thuaithe, trí chur le líon na n-aonad ospidéil nó na suíomhanna móibíleacha a chuireann seirbhísí leighis príomhúla ar fáil agus trí fheachtais múscailte feasachta a chur ar siúl in institiúidí oideachais lena bhféadfaí díriú ar théamaí ar nós gortuithe a chosc, neamhoird itheacháin, meabhairshláinte agus oideachas sláinte ginearálta agus sláinte atáirgthe, ar ábhair thábhachtacha iad uile. Ba cheart cláir thaighde shonracha a fhorbairt chun cuidiú le daoine óga galair a chomhrac (cuir i gcás ailse), toisc gur minic nach n-oireann na leigheasanna a cheaptar do dhaoine fásta dóibh.

2.12. Ba cheart tuilleadh iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh i scoileanna, i gcomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus leis an aos óg, maidir le hoideachas tráchta, maidir le galair ghnéas-tarchurtha, bulaíocht agus fuathchaint a chosc agus maidir le caitheamh tobac, alcóil agus drugaí.

2.13. Dar le CESE, ba cheart a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine óga ar chórais ionadaíochta foirmiúla sa chaidreamh a bhíonn acu le páirtithe leasmhara i margadh an tsaothair agus go mbeidh gach duine óg, go háirithe iad siúd nach bhfuil post acu nó nach bhfuil acu ach fostaíocht fhorbhásach, ar an eolas faoin tsaoirse comhlachais agus faoin gceart atá ag gach oibrí agus ag gach fostóir a n-eagraíochtaí féin a bhunú agus a bheith páirteach iontu dá ndeoin féin.

2.14. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí cumas na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú chun ionadaíocht a dhéanamh ar an óige agus chun próiseas an aistrithe ón scoil go dtí an saol gníomhach oibre a éascú agus chun eagraíochtaí don óige a rannpháirtiú in institiúidí idirphlé sóisialta, sa chómhargáil agus in eagraíochtaí tripháirteacha a bhfuil freagrachtaí orthu i leith mhargadh an tsaothair.

2.15. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí na hinstitiúidí atá gníomhach i margadh an tsaothair a nuachóiriú agus a neartú, is é sin le rá na seirbhísí a chuireann siad ar fáil a chur in oiriúint do riachtanais shainiúla an aosa óig i dtreo go mbeidh na seirbhísí sin inrochtana go héasca, dinimiciúil, so-úsáidte agus gan an iomad maorlathais ag baint leo.

2.16. Tá CESE ag iarraidh go ráthófaí cóir chothrom maidir le comhionannas deiseanna idir mná agus fir agus maidir le daoine óga freisin i gcomparáid le catagóirí aoise eile, a fhad a bhaineann le tuarastail, dálaí oibre, oiliúint agus deiseanna dul chun cinn a dhéanamh san obair. Níor cheart dúshaothrú a bheith i gceist le hobair na n-oiliúnaithe, go háirithe más daoine óga iad, agus níor cheart leas a bhaint as an obair sin mar a bheadh uirlis ann chun dul timpeall ar chonarthaí fostaíochta. Ós rud é gur féidir le hintéirneachtaí neamhíoctha nó neamhchúitithe milleadh faoin taithí atá ag daoine óga ar mhargadh an tsaothair ([19]), ní mór toirmeasc a chur orthu ([20]). Ba cheart ionadaíocht na hóige a neartú a thuilleadh.

2.17. Creideann CESE gur gá tacú leis an ngeilleagar sóisialta, ós rud é go gcabhraíonn an earnáil sin go gníomhach le daoine óga atá imeallaithe go sóisialta agus le daoine leochaileacha eile, go háirithe trí bhíthin bearta a bhfuil sé d'aidhm acu cur le féinmheas, cumarsáid, etc.

2.18. Creideann CESE, toisc a laghad rochtain atá ar sheirbhísí sláinte de thoradh na paindéime, gur gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun cabhrú le daoine óga comharthaí rabhaidh maidir le meabhairshláinte agus folláine a thabhairt faoi deara agus faisnéis cheart a scaipeadh ar na bealaí uile is féidir chun gur féidir leo faisnéis luachmhar a shainaithint seachas gealltanais bhréagacha maidir le cabhair/tacaíocht a thabhairt, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as uirlisí sláinte chuige sin.

2.19. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí athchóiriú ar na córais chosanta sóisialta agus ar an reachtaíocht saothair chun iad a chur in oiriúint do réaltachtaí nua agus do chineálacha nua oibre agus chun a áirithiú gur féidir pé athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin i réimse na hoibre a choigeartú agus a rialáil níos tapúla amach anseo, agus lánurraim á tabhairt do shamhlacha náisiúnta caidrimh thionsclaíoch agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

2.20. Is éard atá CESE a mholadh go ndéanfaí na córais pinsin agus na córais chosanta sóisialta a chur i gcomhréir athuair le réaltachtaí eacnamaíocha agus sóisialta an aosa óig agus gur cheart na córais sin a bheith cothrom, cuimsitheach agus oiriúnaithe do réaltacht mhargadh an tsaothair, rud a d'fhágfadh go mbeadh cosaint le fáil ag daoine óga a chleachtann cineálacha nua oibre agus acu siúd nach bhfuil fostaithe. Ba cheart é a bheith mar thosaíocht post ardcháilíochta a áirithiú do gach duine óg.

([19]) Tuarascáil faisnéise ó CESE *An chóir chomhionann do dhaoine óga i margadh an tsaothair* (atá ar siúl faoi láthair).

([20]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — *Conas obair chuibhiúil a chinntiú do dhaoine óga agus a áirithiú go gcuirfear daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) san áireamh trí na Pleananna Téarnaimh Náisiúnta a mhionsaothrú mar is ceart* (tuairim féintionscnaimh) (IO C 152, 6.4.2022, lch. 27), pointe 1.9.

2.21. Tá sé á chur in iúl ag CESE gur léirigh paindéim an choróinvíris a thábhachtaí atá saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear rioscaí síceasóisialta, chomh maith le tábhacht na cobhsaíochta agus na hintuarthachta san fhostaíocht. Is gá idirphlé a dhéanamh le daoine óga maidir le conas fadhbanna sa réimse sin a chosc amach anseo. Tá sé tábhachtach cineálacha éagsúla fostaíochta a bheith ar fáil atá bunaithe ar chaighdeáin chobhsaíochta agus cháilíochta má táthar chun rannpháirtíocht daoine óga i margadh an tsaothair a éascú. Ina theannta sin, tá gá le bearta atá dírithe ar an maoirseacht ar dhálaí fostaíochta daoine óga a neartú, lena n-áirítear cigireachtaí saothair a neartú.

2.22. Tá CESE ag iarraidh cearta daoine óga a chosaint agus an chosaint shóisialta a ráthú trí chothromaíocht oibre is saoil a áirithiú, an ceart chun saoil phríobháidigh a chosaint agus an spás le haghaidh cómhargála a chaomhnú. B'inmholta bealaí a aimsiú lenar féidir solúbthacht iomchuí maidir le sceidil oibre a éascú, rud a chuirfeadh ar chumas daoine óga a gcuid staidéir a chríochnú.

2.23. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí san áireamh tuilleadh sineirge idir ionstraimí éagsúla atá tiomnaithe don aos óg amhail an Ráthaíocht don Aos Óg agus an Ráthaíocht do Leanaí. Ba cheart fíor-ráthaíocht a thabhairt do dhaoine óga, rud lena dtabharfaí deiseanna intuartha gairme dóibh. I gcás cistiú poiblí arb é is aidhm dó tacú le daoine óga i margadh an tsaothair, níor cheart dó cur leis an éiginnteacht; ba cheart tosaíocht a thabhairt i gcónaí do rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta i dtaca le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga i margadh an tsaothair.

2.23.1. Tá sé d'aidhm ag CESE a áirithiú go n-eagrófar cúram malartach iomchuí ar ardchaighdeán do gach leanbh agus gach duine óg nach bhfuil cúram cuí tuismitheora acu agus, ós rud é gur tábhachtaí fós an caidreamh daonna sna cúinsí sin, is gá a áirithiú go gceadófar do dheirfiúracha agus do dhearthaireacha fanacht le chéile ach amháin nuair nach chun a leasa é sin. Ar bhonn níos ginearálta, tá sé tábhachtach nach dtiocfaidh deireadh go tobann le sásraí tacaíochta nuair a shlánaíonn daoine óga na 18 mbliana d'aois.

2.24. Tá sé á chur chun suntais ag CESE gur gá aghaidh a thabhairt, mar is iomchuí, ar na dúshláin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a eascraíonn as an tsamhail eacnamaíoch atá i réim faoi láthair, go háirithe don aos óg. Ba cheart a mheabhrú, má táthar chun ár sochaithe a dhéanamh níos glaise, níos cothroime, níos cuimsithí, níos inbhuanaithe agus iad a dhíriú ar an dea-bhail, murab ionann is riamh, gurb é is túsphointe ina leith sin leas an aosa óig mar cholún bunaidh don todhchaí. Ba cheart an óige a bheith ina téama/cuspóir idirdhisciplíneach a fhad a bhaineann le hinfheistíochtaí CSIE.

2.25. Measann CESE gur den riachtanas a áirithiú go mbeidh deiseanna ag daoine óga clann a bheith acu. Tá sé ríthábhachtach, ar mhaithe le cobhsaíocht agus todhchaí na hEorpa, go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun an óige a spreagadh chun leanaí a bheith acu agus clann a thógáil. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach rochtain ar thithíocht, ar sheirbhísí cúraim leanaí agus ar thacaíocht shóisialta sholúbtha a áirithiú trí chlár tiomnaithe de chuid an Aontais a chruthú ina chomhair sin.

2.26. Tá CESE ag éileamh go gcuirfí spás poiblí atá fíordhaonlathach agus iolraíoch ar fáil don aos óg chun a dtuairimí a chur in iúl gan eagla a bheith orthu go ndéanfaí iad a eisiamh ná go mba dhíol fuatha iad. San am céanna, tá sé thar a bheith tábhachtach eolas agus feasacht a chothú maidir le hionramháil ar fhaisnéis agus bréagaisnéis.

An Bhruiséil, an15 Nollaig 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG